

**Bearta Sealadacha Ceadaithe ón 1 Eanáir go 31 Lúnasa, 2021
22/01/2021**

Turas Eachtraíochta Neamh-Éigeantach do na Gradaim Chré-umha agus Airgid

Mar bheart sealadach a bheidh i bhfeidhm go dtí 31 Lúnasa, 2021, mar gheall ar COVID-19, **ní bheidh** an Turas Eachtraíochta **éigeantach do rannpháirtithe Cré-umha agus Airgid**. Cé gur gné dhílis do rannpháirtithe i nGradam Gaisce eispéireas an Turais Eachtraíochta, aithnímid freisin an gá atá le tacú le PALanna agus le rannpháirtithe le linn na tréimhse fíordhúshlánaí seo. Beidh cead ag PALanna a síniú a chur le hobair a rannpháirtithe a bhfuil na Réimsí Dúshlán Scileanna Pearsanta, Caitheamh Aimsire Fisiciúil agus Rannpháirtíocht Pobail dá nGradam curtha i gcrích acu go hiomlán. Is faoin PAL a bheidh sé a chinneadh cibé an ndéanfar Turas Eachtraíochta a fhad is a chloíonn siad le Treoirínte COVID-19 an Rialtais agus FSS. Tá Oifigigh Forbartha Gaisce ar fáil chun comhairle a thabhairt ar roghanna Turas Eachtraíochta don Ghradam Cré-umha agus don Ghradam Airgid.

Táimid ag súil go bhfillimid ar riachtanas éigeantach an Turais Eachtraíochta dóibh siúd a chláróidh ó Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh. Déanfar an beart sealadach seo a athbhreithniú roimhe sin agus cuirfear PALanna ar an eolas faoi aon athruithe.

Turas Eachtraíochta do Rannpháirtithe Óir

Tá níos mó neamhspleáchais ag Rannpháirtithe Óir faoin tslí a mbainfear a ngradam amach, agus ar an gcúis seo caithfidh siad tabhairt faoina dTuras Eachtraíochta fós. Mar sin féin, beimid ag soláthar comhairle agus tacaíocht bhreise do PALanna agus do rannpháirtithe na nGradam Óir agus seolfar nuashonrú 2021 chucu gan mhoill. Ba chóir ceist ar bith a chur i ríomhphost chuig gold@gaisce.ie.

Liúntais Turas Eachtraíochta do Ghradaim Chré-umha agus Airgid (Rognach)

Do PALanna ar mian leo Turas Eachtraíochta a dhéanamh, gheofar roghanna sa ghreille thíos chun pleanáil agus tabhairt faoi Turas Eachtraíochta a éascú. Ba cheart do PALanna a chinntiú go gcloíonn cibé rogha (más ann dó) a ngabhann siad léi le treoirínte COVID-19 an Rialtais. Féach [roinn 8 den Treoir do PALanna](#) chun comhairle a fháil faoin Turas Eachtraíochta. Cuimhnigh go bhfuil [Oifigeach Forbartha](#) ar fáil le haghaidh glao gutháin nó ceist ríomhphoist nó glao físchomhdhála chun aon tacaíocht is féidir a thabhairt do PAL



mail@gaisce.ie

Cuimhnigh go bhfuil Oifigeach Forbartha ar fáil le haghaidh glao gutháin nó ceist ríomhphoist nó glao físchomhdhála chun aon tacaíocht is féidir a thabhairt do PAL

#DOSLÍDOGHRADAM

Leibhéal an Ghradam	Turas Eachtraíochta <u>ag fanacht thar oíche</u>	Turas Eachtraíochta <u>gan fanacht thar oíche</u>	Dúshlán Foirne (difríocht a dhéanamh le chéile ar son do phobail)
Cré-umha	2 lá/1 oíche (as a chéile)	2 lá (as a chéile nó dhá lá iomlána i dtréimhse 4 seachtaine)*	2 lá (as a chéile nó dhá lá iomlána i dtréimhse 4 seachtaine)*
Sampla	<p>Aistear fánaíochta a dhéanamh feadh cosán nó féarbhealach áitiúil/insroichte marcáilte 12.5km nó 6 uair an chloig d'iarracht dhiongbháilte sa lá le cóiríocht thar oíche ar láthair champála nó i mbrú nó ina n-áitreabh/ar a dtailte féin.</p> <p>Féach liosta cosán agus rianta do Chomhairle Contae áitiúil nó gabh chuig suíomh gréasáin Spórt Éireann agus cuardaigh 'aimsigh do rianta'.</p>	<p>Aistear fánaíochta a dhéanamh feadh cosán nó féarbhealach áitiúil/insroichte marcáilte 12.5 km mó 6 uair an chloig d'iarracht dhiongbháilte i mbun taistil sa lá</p> <p>Féadfaidh an grúpa tosú ó bhonn a aontaíodh roimh ré. Téann na rannpháirtithe abhaile ag deireadh an lae agus déanann siad an dara lá ar an dáta réamhaontaithe.</p> <p>Má tá cónaí ort i gceantar uirbeach/tuaithe gan rian aitheanta fánaíochta, smaoinigh ar bhealach sábháilte siúil a leagan amach ar son do ghrúpa.</p>	<p>Déan gairdín nó pictiúr balla a phleanáil agus a chruthú le haghaidh spás scoile, spás baile nó spás pobail.</p> <p>Cruthaigh tionscadal a mbeidh tionchar dearfach aige ar do phobal áitiúil agus a thacóidh le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.</p> <p>Déan Turas Eachtraíochta Cúlchlóis le chéile ach ar leithligh a phleanáil ar féidir le gach duine páirt a ghlacadh ann (is féidir é seo a dhéanamh laistigh nó lasmuigh chun freastal ar chás gach duine óig). Nó déan tionscadal Taiscéalaithe Turais Eachtraíochta foirne a phleanáil. Gheofar tuilleadh eolais ón Oifigeach Forbartha.</p>

Baineann gach ceann de na roghanna thuas le rannpháirtithe Airgid de réir riachtanais ama leibhéal na dámhachtana m.sh. 3 lá/2 oíche.

Is féidir le rannpháirtithe sa Ghradam Cré-umha agus Airgid an Turas Eachtraíochta a chríochnú le haonaid teaghlach/chónaithe le ceadú an PAL, mura féidir Turas Eachtraíochta a bpiarghrúpa a dhéanamh mar gheall ar shrianta COVID-19 nó má roghnaigh an PAL gan tabhairt faoi aon Turas Eachtraíochta lena grúpa/rang. Ba chóir rannpháirtithe a spreagadh chun fianaise ar aon ghnóthas a thaifeadadh dá bPAL. Faoi mar a dhéanaimid i gcónaí, molaimid do PALanna labhairt lena nOifigeach Forbartha roimh ré.



mail@gaisce.ie

Cuimhnigh go bhfuil Oifigeach Forbartha ar fáil le haghaidh glao gutháin nó ceist ríomhphoist nó glao físchomhdhála chun aon tacaíocht is féidir a thabhairt do PAL

#DOSLÍDOGHRADAM